CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2366 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Nollaig 2022

maidir leis na sonraíochtaí a leagan síos i ndáil le réiteach teicniúil chun éascú a dhéanamh ar an mbailiú sonraí a dhéanann na Ballstáit agus Europol le haghaidh staidreamh a ghiniúint maidir le rochtain ar shonraí VIS chun críocha fhorfheidhmiú an dlí

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le malartú faisnéise idir Ballstáit i ndáil le víosaí gearrfhanachta, víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe (Rialachán VIS) ([1]), agus go háirithe Airteagal 50(4), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 bunaítear an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) chun sonraí a mhalartú idir na Ballstáit maidir le hiarratais ar víosaí gearrfhanachta, víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe, agus maidir leis an gcinneadh a rinneadh an víosa a neamhniú, a chúlghairm nó síneadh a chur léi.

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, bunaítear na coinníollacha rochtana ar shonraí VIS chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Ba cheart réiteach teicniúil a bhunú agus a chur ar fáil do na Ballstáit agus do Europol chun éascú a dhéanamh ar an mbailiú sonraí le haghaidh staidreamh a ghiniúint ar mhaithe le héifeachtacht na rochtana sin a thomhas chun críocha fhorfheidhmiú an dlí.

(3) Is gá na sonraíochtaí a leagan síos chun an réiteach teicniúil a fhorbairt lena n-éascófar bailiú faisnéise agus staidrimh áirithe.

(4) Ba cheart a chur san áireamh sa réiteach teicniúil a roghnófar chun VIS a chur chun feidhme, an gá atá le comhtháthú níos fearr a dhéanamh ar chórais bainistithe teorainneacha an Aontais atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, mar aon le hidir-inoibritheacht na gcóras sin. Ba cheart an réiteach teicniúil sin a bheith inscálaithe agus tuilleadh forbartha a chumasú chun a bheith in ann, i gcás inar gá, feidhmiúlachtaí breise a chomhtháthú, líon níos mó oibríochtaí a bhainistiú agus tuilleadh sonraí a stóráil. Ar an gcúis sin, an réiteach teicniúil lena n-éascófar bailiú faisnéise agus staidrimh áirithe, ba cheart é a fhorbairt ar bhonn an réitigh theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 72(8) de Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus in Airteagal 92(8) de Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus ba cheart é a oiriúnú de réir mar is iomchuí.

(5) I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, ba cheart do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) a bheith freagrach as dearadh agus forbairt VIS.

([1]) IO L 218, 13.8.2008, lch. 60.

([2]) Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 maidir le Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) a bhunú chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht a chlárú agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach do náisiúnaigh tríú tíortha agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 327 9.12.2017, lch. 20).

([3]) Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1).

(6) Ba cheart an réiteach teicniúil prionsabail na cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú a chomhlíonadh. Ba cheart na sonraí chun staidreamh a ghiniúint a sholáthar ar bhealach lena n-áiritheofaí anaithnidiú cuí na dtorthaí, agus íoslaghdú éifeachtach sonraí á chur i bhfeidhm san am céanna chun cosc a chur ar an riosca go mbainfí tátal as faisnéis na n-ábhar sonraí.

(7) Ós rud é go gcuireann Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) le *acquis* Schengen, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le Seasamh na Danmhairge, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, thug an Danmhairg fógra faoi chur chun feidhme Rialachán (AE) 2021/1134 ina dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, tá an Cinneadh seo ina cheangal uirthi.

(8) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu ([5]). Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(9) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([6]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointí A agus B, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ([7]).

(10) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([8]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ([9]).

(11) Maidir le le Lichtinstéin, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([10]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointí A agus B, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle ([11]).

([4]) Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, chun críche an Córas Faisnéise Víosaí a athchóiriú (IO L 248, 13.7.2021, lch. 11).

([5]) Ní thagann an Cinneadh seo faoi raon feidhme na mbeart dá bhforáiltear i gCinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

([6]) IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

([7]) Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

([8]) IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

([9]) Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008 lch. 1).

([10]) IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

([11]) Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

(12) Is é atá sa Chinneadh seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003, Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005 agus Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2011 faoi seach.

(13) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]) agus thug sé a thuairim uaidh an 8 Meitheamh 2022.

(14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Theorainneacha Cliste.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Réiteach teicniúil chun éascú a dhéanamh ar an mbailiú sonraí ar mhaithe le staidreamh a ghiniúint

1. Déanfaidh eu-LISA an réiteach teicniúil dá dtagraítear in Airteagal 50(4), an tríú fomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 a fhorbairt agus a oiriúnú de réir na sonraíochtaí a leagtar amach in Airteagal 2 den Chinneadh seo.

2. Cuirfidh eu-LISA an réiteach teicniúil ar fáil do na lárphointí rochtana dá dtagraítear in Airteagal 22l de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus d'aonad speisialaithe na n-oifigeach Europol atá údaraithe go cuí, dá dtagraítear in Airteagal 22m den Rialachán sin.

3. Beidh úsáid an réitigh theicniúil roghnach do na Ballstáit agus do Europol.

Airteagal 2

Sonraíochtaí an réitigh theicniúil chun éascú a dhéanamh ar an mbailiú sonraí ar mhaithe le staidreamh a ghiniúint

1. I gcás ina n-úsáidtear an réiteach teicniúil dá dtagraítear in Airteagal 50(4) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, beidh gach Ballstát agus Europol freagrach as a chur chun feidhme.

2. Beidh na Ballstáit agus Europol freagrach as a mbainistiú teicniúil agus oibríochtúil ar an réiteach teicniúil.

3. Ní bhronnfaidh an réiteach teicniúil rochtain ar a chuid sonraí ach amháin d'úsáideoirí údaraithe.

4. Leis an réiteach teicniúil, beifear in ann na sonraí seo a leanas a bhailiú le haghaidh gach iarrata ar rochtain ar shonraí a stóráiltear in VIS:

(a) an t-údarás ainmnithe, an lárphointe rochtana agus an t-aonad oibríochta a thionscain an iarraidh dá dtagraítear in Airteagal 22l(5) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, agus Europol más iarraidh dá dtagraítear in Airteagal 22r den Rialachán sin atá i gceist;

(b) cuspóir baileach an cheadaithe, lena n-áirítear cineál an chiona sceimhlitheoireachta nó cineál an chiona thromchúisigh choiriúil eile, mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointí (22) agus (23), de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, as ar eascair an ceadú, trí luach ó thábla cóid a roghnú;

(c) forais réasúnacha a tugadh maidir leis an amhras a bhfuil údar leis go bhfuil an t-amhrastach, déantóir na coire nó an t-íospartach i gcatagóir a chumhdaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 767/2008;

(d) líon na n-iarrataí chun rochtain a fháil ar VIS chun críocha fhorfheidhmiú an dlí agus chun rochtain a fháil ar na sonraí maidir le leanaí faoi bhun 14 bliana d'aois;

([12]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán(CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(e) líon agus cineál na gcásanna inar úsáideadh na nósanna imeachta maidir le cásanna práinne dá dtagraítear in Airteagal 22n(2) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, lena n-áirítear na cásanna sin nuair nár glacadh leis an bpráinn sin san fhíorú *ex post* a rinne an lárphointe rochtana;

(f) líon agus cineál na gcásanna inar éirigh leo sainaithint a dhéanamh.

5. Chun an bailiú sonraí a éascú, i gcás ina n-úsáidtear an nós imeachta práinne dá bhforáiltear in Airteagal 22n(2) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, marcálfar na cásanna a bhaineann leis an nós imeachta dá dtagraítear i mír 4, pointe (e) den Airteagal seo.

6. Déanfaidh an lárphointe/na lárphointí rochtana nó Europol an fhaisnéis a liostaítear i mír 4 den Airteagal seo a stóráil go háitiúil, agus úsáidfear í chun tacú le giniúint an staidrimh dá dtagraítear in Airteagal 50(4) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, cé is moite de na forálacha seo a leanas a mbeidh feidhm acu ó dháta tosaigh oibríochtaí VIS de bhun Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/1134 ó:

(a) Airteagal 1 a mhéid a bhaineann sé le Rialachán (CE) Uimh. 767/2008;

(b) Airteagal 2 a mhéid a bhaineann sé le Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN